



An Bhruiséil, 24 Samhain 2015
(OR. en)

14441/15

EDUC 310
SOC 690
EMPL 449
JEUN 112

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	23 Samhain 2015
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	13860/15 EDUC 293 SOC 648 EMPL 426 JEUN 104
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le luathfhágáil na scoile a laghdú agus leis an rath ar scoil a chur chun cinn – <i>Conclúidí ón gComhairle (23 Samhain 2015)</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le luathfhágáil na scoile a laghdú agus leis an rath ar scoil a chur chun cinn, a ghlac an Chomhairle ag an 3428ú cruinniú a bhí aici an 23 Samhain 2015.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le luathfhágáil na scoile a laghdú agus leis an rath ar scoil
a chur chun cinn**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

I bhFIANAISE AN MÉID SEO A LEANAS

- Sprioc na straitéise Eoraip 2020 i réimse an oideachais meánchion na ndaoine a fhágann an scoil go luath san Eoraip a laghdú¹ go leibhéal a bheidh níos lú ná 10 % faoi 2020²;
- Conclúidí ón gComhairle an 12 Bealtaine 2009 lena mbunaítear creat straitéise le haghaidh comhar Eorpach maidir le hoideachas agus le hoiliúint ("ET 2020")³;
- Tuarascáil Chomhpháirteach 2015 ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir leis an gcreat straitéiseach um chomhar Eorpach in oideachas agus in oiliúint⁴,

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á CHUR SAN ÁIREAMH AICI

- An Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir leis na príomhinniúlachtaí d'fhoghlaím ar feadh an tsaoil⁵;
- Conclúidí ón gComhairle an 11 Bealtaine 2010 maidir leis an ngné shóisialta a bhaineann le hoideachas agus le hoiliúint⁶;

¹ An chuid sin den daonra idir 18 mbliana agus 24 bliana d'aois nach bhfuil ach iar-bhunoideachas íochtarach nó níos lú orthu agus nach bhfuil oideachas ná oiliúint á gcur orthu a thuilleadh (Suirbhé ar an bhFórsa Saothair/Eurostat).

² EUCO 13/10, Iarscríbhinn I, an ceathrú fleasc (lch 12).

³ IO C 119, 28.5.2009, lgh 2-10.

⁴ IO C, , lch...

⁵ IO L 394, 30.12.2006, lgh 10-18.

⁶ IO C 135, 26.5.2010, lgh 2-7.

- Na Conclúidí ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram luath-óige: an tús is fearr a thabhairt dár bpáistí go léir chun tabhairt faoin saol atá le teacht⁷;
- Moladh 2011 ón gComhairle maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú⁸, go háirithe an creat beartais atá i ceangal leis, agus an iarraidh a áirithiú go mbeadh beartais chuimsitheacha maidir le luathfhágáil na scoile ar bun ag na Ballstáit faoi dheireadh na bliana 2012, lena gcumhdófaí bearta i ndáil le cosc, le hidirghabháil agus le cúiteamh;
- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 1 Nollaig 2011 maidir le dul i ngleic le luathfhágáil na scoile⁹;
- An Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú¹⁰;
- Dearbhú Pháras an 17 Márta 2015 maidir le saoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas,

AGUS I bhFIANAISE AN MÉID SEO A LEANAS

- Siompóisiam Uachtaránacht Lucsamburg *Ag déanamh an Bhealaigh – ag dul i ngleic le luathfhágáil na scoile agus an rath ar scoil a chur chun cinn*, a réachtáladh i Lucsamburg ón 9-10 Iúil 2015 agus lenar tarraingíodh le chéile rannpháirtithe ó cheann ceann an Aontais i réimsí an cheaptha beartas, na taighde agus an chleachtaidh chun an tsaincheist thábhachtach sin a phlé;
- Comhdháil Uachtaránacht Lucsamburg maidir leis an *Éagsúlacht agus an Ilteangachas in oideachas agus i gcúram na luath-óige* a réachtáladh i Lucsamburg an 10-11 Meán Fómhair 2015;

⁷ IO C 175, 15.6.2011, lgh 8-10.

⁸ IO C 191, 1.7.2011, lgh 1-6.

⁹ IO C 165E, 11.6.2013, lgh 7-19.

¹⁰ IO C 120, 26.4.2013, lgh 1-6.

- Tuarascáil chríochnaitheach 2013 ó Mheitheal Théamach ET 2020 maidir le luathfhágáil na scoile agus teachtaireachtaí beartais na Meithle um Bheartas Scoileanna don bhliain 2015;
- I dTuarascáil 2014 ó Mheitheal Théamach ET 2020 um Oideachas agus Cúram na Luath-Óige ina mbeartaítear bunphrionsabail maidir le Creat Cáilíochta sa réimse seo,

MEASANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS

Anois agus muid leath bealaigh tríd an straitéis Eoraip 2020 agus trí chreat straitéiseach ET 2020, agus ceithre bliana tar éis don Chomhairle Moladh a ghlacadh maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú¹¹, tá sé in am againn an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo a mheas, d'fhonn na bearta sin a dhíríonn ar an bhfeiniméan sin a laghdú agus ar an rath ar scoil a chur chun cinn do chách a athbhreithniú, a dhaingniú agus a fheabhsú.

Ón uair gur glacadh an Moladh ón gComhairle in 2011, rinneadh beachtú ar go leor de na torthaí taighde a bhí ann roimhe seo maidir le luathfhágáil na scoile (LFS) agus cuireadh leo trí bhíthin na piarfhoghlama agus na malartuithe dea-chleachtais idir na Ballstáit agus trí thuilleadh taighde agus trí mhionanailís a rinneadh ar na bearta a glacadh ar an leibhéal náisiúnta. A bhuí do phríomhspríoc na straitéise Eoraip 2020 maidir le LFS, d'fhan an cheist seo ard ar liosta na dtosaíochtaí náisiúnta agus cuireadh athchóirithe oideachais chun cinn.

Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas chun rátaí LFS a laghdú, fós féin tá an iomarca daltaí ag imeacht ón oideachas go fóill roimh am dóibh¹². Tá neamhréitigh mhóra fós ann idir na Ballstáit agus laistigh díobh, agus tá na straitéisí cuimsitheacha a moladh sa Mholadh ón gComhairle ó 2011 fós in easnamh i roinnt mhaith tíortha.

Mar gheall air sin, tuigeann an tAontas Eorpach agus na Ballstáit go gcaithfear gach iarracht a dhéanamh chun sprioc na straitéise Eoraip 2020 a bhaint amach - agus, más féidir, a shárú fiú.

¹¹ Vótáil an Ríocht Aontaithe in aghaidh an Mholta.

¹² De réir sonraí ó 2014, tá 11.1% de dhaoine óga idir 18 agus 24 bliain d'aois tar éis imeacht ón oideachas nó ón oiliúint gan clár meánscoile uachtaraí a chríochnú, líon atá ionann agus thart ar 4.4 milliún duine óg (Foinse: Eurostat (SFS), 2014).

LEAGANN SÍ BÉIM AR AN MÉID A LEANAS

1. Gur gnách go n-eascraíonn luathfhágáil na scoile as réimse de ghnéithe pearsanta, sóisialta, eacnamaíocha, cultúrtha agus oideachais agus as gnéithe a bhaineann le hinscne agus leis an teaghlach, gnéithe a bhíonn idirnasctha go minic agus go mbíonn nasc freisin idir an luathfhágáil agus cásanna ina mbíonn míbhuntáiste carnach ón luath-óige ar aghaidh. Gur grúpaí a bhfuil stádas íseal socheacnamaíoch acu is mó a bhíonn thíos leis agus gur fíorchúis inní iad rátaí luathfhágála na scoile i gcás grúpaí ar leith, amhail páistí de bhunadh imirceach (lena n-áirítear imircigh a tháinig le déanaí agus páistí a rugadh thar sáile), páistí Romacha agus páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
2. Go bhfuil tionchar an-láidir freisin ag dearadh agus ag cáilíocht na gcóras oideachais ar rannpháirtíocht agus ar fheidhmíocht na bhfoghlaimoirí agus go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag fachtóirí áirithe sistéamacha ar dhul chun cinn na foghlama. Ina theannta sin, d'fhéadfadh freisin go n-imeodh foghlaimoirí ón oideachas roimh am de bharr na nithe seo a leanas: timpeallacht neamhfhabhrach scoile, foréigean agus bulaíocht, timpeallacht foghlama nach dtugann le fios d'fhoghlaimoirí go bhfuil meas orthu nó go gcuirtear stór iontu, modhanna múinteoireachta agus curaclaim nach n-oireann i gcónaí, tacaíocht neamhleor don fhoghlaimoir, easpa oideachais faoi ghairmeacha agus easpa gairmthreorach nó droch-chaidreamh idir múinteoirí agus daltaí.
3. Sna sochaithe seo againn atá ag éirí níos éagsúla in aghaidh an lae, tá géarghá le freagairtí cuimsitheacha agus comhordaithe ó pháirtithe leasmhara oideachais agus neamhoideachais araon a bheith dírithe ar luachanna comhpháirteacha amhail an chaoimhlaing, an comh-mheas, comhdheiseanna agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn, chomh maith le lánpháirtíocht shóisialta, tuiscint idirchultúrtha agus meon an chómhuintearais a chothú.

4. Go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh rochtain chothrom ag gach duine óg ar oideachas uileghabhálach ar ardchaighdeán¹³ agus go mbeidh an deis acu a gcumas iomlán a fhorbairt beag beann ar thosca aonair, ar thosca a bhaineann leis an teaghlach nó le hinscne, ar a stádas socheacnamaíoch agus ar a dtaithe ar an saol d'fhonn imeallú agus eisiámh sóisialta a chosc agus chun go laghdófaí an baol go rachaidís le hantoisceachas agus le radacú.
5. Glactar leis go gcaithfidh ar a laghad oideachas sinsearach meánscoile nó gairmoideachas agus gairmoiliúint a bheith ar dhuine ionas go n-éireodh leis é nó í féin a shocrú i margadh an tsaothair, agus, ionas go scaoilfi an duine sin ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den oideachas agus den oiliúint. Ós rud é go bhfuil na daoine sin a imíonn ón oideachas agus ón oiliúint roimh am níos mó i mbaol na dífhostaíochta, na bochtaineachta agus an eisiámh shóisialta, d'fhéadfaí fáinne fí na díothachta a bhriseadh agus deireadh a chur le bochtaineacht agus neamhionannas ó ghlúin go glúin ach infheistíocht a dhéanamh chun tacú le daoine óga oideachas a chur orthu féin.

¹³ Chun críche na gConclúidí seo, tagraíonn an téarma *oideachas uileghabhálach* don cheart atá ag cách oideachas ar ardchaighdeán a fháil a chomhlíonann bunriachtanais foghlama agus a chuireann le saol an fhoghlaimeora.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL
NA COIMHDEACHTA AGUS I gCOMHRÉIR LE hIMTHOSCA NÁISIÚNTA, AN MÉID SEO
A LEANAS A DHÉANAMH:

1. Féachaint chuige go gcuirfear chun feidhme Moladh na bliana 2011 ón gComhairle maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú, go háirithe trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) leanúint leis an bpróiseas maidir le straitéisí cuimsitheacha - nó beartais chomhtháthaithe choibhéiseacha ina bhfuil bearta coiscitheacha, bearta idirghabhála agus bearta cúitimh atá bunaithe ar fhianaise – a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ar straitéisí iad a chorpraítear ar bhealach comhleanúnach in oideachas agus in oiliúint ar ardchaighdeán, a bhfuiltear ag tacú leo go seasta ar bhonn polaitiúil, agus béim ar leith á cur ar an luathfhágáil a chosc;
 - (b) a áirithiú go mbeidh geallsealbhóirí ó gach réimse ábhartha (go háirithe an t-oideachas agus an oiliúint, an fhostaíocht, gnóthaí eacnamaíocha, gnóthaí sóisialta, an tsláinte, tithíocht, an óige, cultúr agus an spórt) ar gach leibhéal rannpháirteach, agus a áirithiú go mbeidh comhar fadtéarmach eatarthu, bunaithe ar na ról agus ar na freagrachtaí a shainaithneofar go soiléir agus lena mbainfidh dlúthchomhar.

2. Le cois tháscaire an Aontais maidir le luathfhágáil na scoile, breathnú ar dheiseanna córais náisiúnta bailithe sonraí a fheabhsú nó a fhorbairt, ar córais iad a bhailíonn raon leathan sonraí¹⁴, ar bhonn rialta, maidir le foghlaimeoirí, go háirithe maidir leo siúd atá i mbaol agus maidir le luathfhágálaithe scoile. Leis na córais sin, a chlúdaíonn gach leibhéal agus gach cineál oideachais agus oiliúna agus atá go hiomlán i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta maidir le cosaint sonraí, d'fhéadfaí an méid a leanas a dhéanamh:
- (a) faireachán rialta ar dhul chun cinn san oideachas a éascú chun na foghlaimeoirí sin atá i mbaol an scoil a fhágáil luath a aimsiú agus a shainaithint go luath;
 - (b) cúnamh a thabhairt maidir le critéir agus le táscairí a shainiú d'fhonn míbhuntáiste oideachasúil a shainaithint;
 - (c) cúnamh a thabhairt maidir le luathfhágáil na scoile a thuiscint, lena n-áirítear trí thuairimí ó fhoghlaimeoirí a bhailiú;
 - (d) an fháil atá ar shonraí agus ar fhaisnéis ar na leibhéil éagsúla beartais a éascú mar aon le húsáid na sonraí agus na faisnéise sin chun forbairt beartais a threorú agus chun faireachán a dhéanamh ar an bhforbairt sin;
 - (e) bonn a chur faoi chúrsaí le go bhféadfar treoir éifeacht agus tacaíocht éifeachtach a fhorbairt sna scoileanna chun luathfhágáil na scoile a chosc, agus bearta leantacha a bhunú do dhaoine óga a d'imigh ón oideachas agus ón oiliúint roimh am.

¹⁴ is é is brí le *raon leathan faisnéise* níos mó a fhoghlaim faoi na nithe seo a leanas go háirithe:

- an aois ag a n-éiríonn daoine as an oideachas agus as an oiliúint;
- an gaol idir luathfhágáil na scoile agus neamhfhreastal scoile;
- éagsúlachtaí maidir le luathfhágáil na scoile de réir inscne, de réir feidhmíocht acadúil nó de réir na leibhéal oideachais a bhaintear amach;
- an cúlra socheacnamaíoch nó athróg ionadach, amhail faisnéis faoin gcomharsanacht;
- cúlra an fhoghlaimeora agus/nó máthairtheanga an fhoghlaimeora.

3. I gcás inarb ábhartha, féachaint le spriocanna náisiúnta uailmhianacha a leagan síos chun luathfhágáil na scoile a laghdú, go háirithe i gcás inar baineadh amach cheana féin na spriocanna sin a leagadh síos roimhe seo.
4. Na scoileanna sin nó na timpeallachtaí áitiúla sin a aithint a bhfuil an-bhaol iontu maidir le luathfhágáil na scoile, atá go mór faoi mhíbhuntáiste ó thaobh oideachais agus a bhainfeadh tairbhe as tacaíocht bhreise nó as acmhainní breise.
5. Na córais oideachais a athchóiriú, de réir mar is iomchuí, agus réimse iomlán an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear foghlaim neamhfhoirmiúil, á chur san áireamh agus an ról atá ag an obair don óige á aithint, chun an leanúnachas struchtúrtha, oideolaíoch, curaclaim agus gairmiúil a atreisiú, d'fhonn aistrithe a éascú, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar leithscaradh agus ar mhíchothromaíochtaí sna córais oideachais agus d'fhonn bearta a chur chun cinn lena dtacófar le dul chun cinn na bhfoghlaimoirí agus leis an méid a bhaineann siad amach san oideachas, agus freisin d'fhonn iad a ghríosadh chun leanúint leis an oideachas agus é a chríochnú amach.
6. Rochtain ghinearálaithe, chothrom ar oideachas luath-óige agus ar chúram luath-óige atá ar phraghas réasúnta agus ar ardchaighdeán a áirithiú. Na scoileanna cognaíocha agus neamh-chognaíocha a fhorbraítear san oideachas luath-óige agus sa chúram luath-óige, cabhraíonn siad le leanaí lán-tairbhe a bhaint as a n-acmhainneacht agus cuireann siad bonn fúthu do shaol na scoile agus don rath ar scoil. Ba cheart do struchtúir an oideachais luath-óige agus an chúraim luath-óige sealbhú éifeachtach na teanga (na dteangacha) teagaisc a spreagadh, agus ag an am céanna an éagsúlacht chultúrtha agus teanga a urramú. Tá sé ríthábhachtach do leanaí go mbeadh muintearas le brath acu agus go bhforbróidís caidrimh dhaingne mhuiníneacha agus iad óg chun cabhrú leo ó thaobh na foghlama agus na forbartha ina dhiaidh sin.

7. Cur chuige comhoibríoch ("sa scoil uile") a mholadh agus a chur chun cinn d'fhonn luathfhágáil na scoile a laghdú ar an leibhéal áitiúil, mar shampla trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- a) deis níos mó a thabhairt do scoileanna cúrsaí rialachais, saincheisteanna curaclaim agus modhanna oibre a shocrú ar a mbealach féin, lena n-áirítear trí bhreis neamhspleáchais a thabhairt dóibh ach é sin i gcomhar le cuntasacht éifeachtach;
 - b) meicníochtaí follasacha leordhóthanacha maidir le dearbhú cáilíochta agus próisis pleanála agus feabhsúcháin scoile a bhunú agus a chur chun feidhme le rannpháirtíocht ghníomhach phobal iomlán na scoile (ceannairí scoile, múinteoirí agus baill foirne eile, foghlaimoirí, tuismitheoirí agus teaghlaigh);
 - c) comhpháirtíochtaí éifeachtacha agus comhar trasearnálach idir scoileanna agus páirtithe leasmhara seachtracha, lena n-áirítear gairmithe éagsúla, ENRanna, gnóthais, comhlachais, oibrithe don ógra, údaráis áitiúla agus seirbhísí áitiúla, agus ionadaithe eile ón bpobal i gcoitinne i gcomhréir leis an gcomhthéacs áitiúil;
 - d) comhar idir cineálacha éagsúla scoileanna agus leibhéil éagsúla scoileanna atá lonnaithe sa cheantar céanna, chomh maith le líonrú agus comhphobail foghlama il-ghairmiúla ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, chun malartú na ndea-chleachtas a chur chun cinn;
 - e) leibhéal barr feabhais a bhaint amach i dtaca le rialachas agus le ceannaireacht scoile, mar shampla, trí nósanna imeachta earcaíochta agus deiseanna leantacha forbartha do cheannairí scoile a fheabhsú;

- f) cultúr tacaíochta agus comhoibriú idir daltaí, tuismitheoirí, teaghlaigh agus foirne scoile a chur ar bun, d'fhonn an bhaint atá ag daoine óga leis an gcóras scoile a neartú, d'fhonn iad a spreagadh le dul i mbun foghlama agus a bheith rannpháirteach sna próisis chinnteoireachta;
- g) tacú le scoileanna dul i dteagmháil leis na tuismitheoirí agus leis na teaghlaigh go léir ar bhonn a théann níos faide ná na ceanglais fhoirmiúla le haghaidh rannpháirtíochta, agus chun muinín agus urraim fhrithpháirteach a chothú ar dhóigh go n-airíonn tuismitheoirí agus teaghlaigh go bhfuil fáilte rompu ar scoil agus go bhfuil siad páirteach sa mhéid atá á fhoghlaim ag a gcuid leanaí;
- h) meicníochtaí a chur ar bun chun luathchomharthaí an díscóir a bhrath, amhail daltaí bheith as láthair go rialta nó saincheisteanna iompraíochta;
- i) creataí córasacha tacaíochta a chur ar bun d'fhoghlaimeoirí atá i mbaol an scoil a fhágáil luath, lena n-áirítear meantóireacht, comhairleoireacht agus tacaíocht shíceolaíoch, agus an t-áiméar a bheith ann freisin tacaíocht bhreise a bheith ar fáil d'fhoghlaimeoirí nach í a dteanga dhúchais an teanga teagaisc nó nach iad a dteangacha dúchais na teangacha teagaisc;
- j) raon leathan gníomhaíochtaí inrochtana seach-churaclaim agus lasmuigh d'uaireanta scoile a chur ar fáil - amhail, i gcúrsaí spóirt, sna dána, obair dheonach nó obair don ógra - a chomhlánódh an taithí foghlama agus a mhéadódh rannpháirtíocht, inspreagadh agus muintearas na bhfoghlaimeoirí.

8. Agus iad ag iarraidh dul chun cinn na ndaltaí uile a spreagadh agus a áirithiú go mbeidh rochtain acu ar na bunscoileanna agus ar an mbuneolas is mó a sheasfaidh dóibh amach anseo, féachaint ar na deiseanna a leanfadh foirmeacha teagaisc agus foghlama pearsantaithe, a bheadh dírithe ar an bhfoghlaiméir féin, lena n-áirítear trí leas a bhaint as acmhainní digiteacha, agus leas a bhaint freisin as modhanna measúnaithe éagsúla amhail measúnú foirmitheach¹⁵.
9. Ag féachaint go cuí do neamhspleáchas institiúide, a áirithiú go gcuirfidh oideachas tosaigh na múinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach na múinteoirí ar chumas na n-oiliúnóirí, na gceannairí scoile, gairmithe san oideachas luath-óige agus sa chúram luath-óige agus baill foirne eile na scoileanna, na hinniúlachtaí agus an t-eolas cúlra cuí a ghnóthú a bheadh ag teastáil uathu chun míbhuntáiste oideachasúil agus fachtóirí riosca a thuiscint a bhféadfadh sé go scoithfeadh daltaí ón oideachas nó go bhfágfaidís an scoil luath dá ndeasca, agus chun dul i ngleic leis an míbhuntáiste nó leis na fachtóirí sin. D'fhéadfadh sé go gcumhdódh na scoileanna, na hinniúlachtaí agus an t-eolas sin saincheisteanna amhail straitéisí bainistithe ranga agus éagsúlachta, caidreamh a neartú, coinbhleachtaí a réiteach, teicnící chun bulaíocht a chosc agus oideachas maidir le gairmeacha agus gairmthreoir.
10. A áirithiú go bhfuil oideachas maidir le gairmeacha agus gairmthreoir, bealaí solúbtha agus gairmoideachas agus gairmoiliúint ar ardchaighdeán, atá ar aon dul le luach an oideachais ghinearálta, ar fáil do gach foghlaiméir.
11. A áirithiú go mbeidh rochtain ag na daoine óga sin go léir a d'fhág an t-oideachas luath ar scéimeanna "athdheise" ar ardchaighdeán agus go mbeidh deiseanna eile ar fáil dóibh le bheith páirteach arís san oideachas príomhshruitha agus a áirithiú go ndéanfar an t-eolas, na scoileanna agus na hinniúlachtaí a gnóthaíodh ar an mbealach sin, lena n-áirítear tríd an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta, a bhailíochtú i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle 2012¹⁶.

¹⁵ Chun críocha na gConclúidí seo, tagraíonn an téarma *measúnú foirmitheach* do thomhais a úsáidtear chun riachtanais an fhoghlaimeora a shainaithint go cruinn agus aiseolas tráthúil, leanúnach a thabhairt mar chuid den phróiseas foghlama.

¹⁶ IO C 398, 22.12.2012, lgh. 1 - 5.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

1. An úsáid is mó is féidir a bhaint as na deiseanna atá ar fáil faoin gCreat Straitéiseach ET 2020 agus tríd an modh oscailte comhordaithe, lena n-áirítear an deis chun foghlaim píaraí a neartú agus, i gcás inar gá, taighde agus staidéir a chur amach ar conradh, chun an ceapadh beartais fianaisebhunaithe a neartú agus chun samplaí de chleachtais rathúla beartais a fhorbairt agus a scaipeadh.
2. Leas a bhaint as na deiseanna maoinithe a chuirtear ar fáil le hionstraimí an Aontais, amhail Clár *Erasmus+*, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha¹⁷ chun tacú le bearta lena ndírítear ar luathfhágáil na scoile a laghdú mar chuid de bheartais chuimsitheacha agus ar an gcomhar a chur chun cinn i scoileanna agus thart timpeall orthu.
3. Leanúint ar aghaidh, tríd an taighde agus tríd an bpiarfhoghlaim, le samplaí a aithint de na cleachtais chomhoibríocha is éifeachtaí ar scoil agus ar an leibhéal áitiúil arb é is aidhm dóibh míbhuntáiste oideachasúil a mhaolú, luathfhágáil na scoile a laghdú agus oideachas níos cuimsithí a áirithiú. A áirithiú go ndéantar na cleachtais sin a scaipeadh go forleathan i measc cleachtóirí scoile agus páirtithe leasmhara, go háirithe trí phobal an r-Nasctha agus an Tairseach Oideachais Scoile.

¹⁷ Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 [IO L 169, 1.7.2015, lch. 1–38].

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH

1. Leanúint ar aghaidh le cuntas a choimeád ar eolas maidir na forbairtí sna Ballstáit agus leis an eolas sin a scaipeadh, agus tuairisc a thabhairt go tréimhsiúil ar an dul chun cinn i dtreo sprioc na straitéise *Eoraip 2020* agus ar chur chun feidhme straitéisí na mBallstát nó na mbeartas coibhéiseach comhtháite maidir le luathfhágáil na scoile i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus na socrúithe tuairiscithe in ET 2020, lena n-áirítear tríd an Monatóir ar Oideachas agus ar Oiliúint.
2. Comhar le taighdeoirí, le Ballstáit, le páirtithe leasmhara ábhartha, le líonraí agus le heagraíochtaí a fhorbairt tuilleadh, d'fhonn tacú le cur chun feidhme bheartais an Aontais agus na mbeartas náisiúnta maidir le luathfhágáil na scoile.
3. Feabhas a chur ar an gcomhar maidir leis an ábhar seo leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha amhail an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta i gcomhar leis na Ballstáit.
4. A mheabhrú a thábhachtaí atá sé díriú ar an oideachas uileghabhálach agus luathfhágáil na scoile a laghdú i gcomhthéacs an athbreithnithe mheántearmaigh atá beartaithe a dhéanamh ar *Erasmus+*.